Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Samhain 2022
(OR. en)

14509/22

FRONT 417
COWEB 151
MIGR 344

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 14063/22 + ADD 1 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht i ndáil le comhaontú stádais idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Seirbia maidir le gníomhaíochtaí oibríochtúla arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i bPoblacht na Seirbia<br>– Glacadh |

1. An 25 Deireadh Fómhair 2022, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht i ndáil le comhaontú stádais idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Seirbia maidir le gníomhaíochtaí oibríochtúla arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i bPoblacht na Seirbia, lena ngabhann treoracha caibidlíochta, mar a leagtar amach in 14063/22 + ADD 1 é.

2. Ag an gcruinniú a bhí acu an 28 Deireadh Fómhair 2022, scrúdaigh comhairleoirí CGB an moladh thuasluaite mar aon leis na treoracha caibidlíochta. Tugadh tacaíocht fhorleathan don togra.

3. Leagtar amach téacs an dréachtchinnidh ón gComhairle in 14140/22, tar éis do na dlítheangeolaithe bailchríoch a chur air.

4. Is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha acquis Schengen nach nglacann Éire páirt iontu, de réir Chinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir le hiarratas Éireann ar pháirt a ghlacadh i gcuid d'fhorálacha *acquis* Schengen[1]. Dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

5. I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

6. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe:

- a iarraidh ar an gComhairle, mar mhír 'A' ar chlár oibre ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, an Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht i ndáil le comhaontú stádais idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Seirbia maidir le gníomhaíochtaí oibríochtúla arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i bPoblacht na Seirbia, mar a leagtar amach in 14140/22 é, lena ndéantar tagairt do na treoracha caibidlíochta mar a leagtar amach in 14140/22 ADD 1 iad; agus
- a iarraidh go bhfoilseofaí téacs an Chinnidh arna ghlacadh ag an gComhairle in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[1] IO L 64, 7.3.2002, lch. 20.